cecde

An Lárionad um Fhorbairt & Oideachas na **Luath-Óige**

An luath-oideachas a fhorbairt agus a chomhordú in Éirinn

Tuarascáil Bhliantúil 2006

Clár

Réamhrá an Chathaoirligh	3
Réamhrá an Stiúrthóra	4
Fúinn Féin	5
Síolta, An Chreatlach Náisiúnta Cáilíochta d'Oideachas na Luath-Óige	6
Forbairt Samhla chun dul i mbun Gníomhaíochta le Cleachtas	7
DEIS – Delivering Equality of Opportunity in Schools	8
Taighde	9
Comhairle Bheartais agus Comhairliúchán	10
Eolas, Cumarsáid agus Craobhscaoileadh	12
Aguisín 1: Rialú	14
Aguisín 2: Cuntais Iniúctha 2006	15

Réamhrá an Chathaoirligh

Is mór an pléisiúr dom an réamhrá a réiteach do Thuarascáil Bhliantúil 2006 an Lárionaid um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige [CECDE]. Ba mhór dom bheith i mo bhall den bhord bainistíochta ar feadh roinnt blianta agus ba eispéireas tairbheach agus oiliúnach araon é.

Ba bhliain fhíorbhisiúil í an bhliain seo don CECDE. Thóg foireann an Lárionaid ar thaighde, ar chleachtas agus ar chomhairliúcháin chun an earnáil a sholáthar le Creatlach Náisiúnta Cáilíochta rímhaith – *Síolta* – agus cuireadh fáilte fhorleathan go náisiúnta agus ón bpobal idirnáisiúnta roimh an gCreatlach. Chruthaigh an fhoireann ceardlanna sa chaoi go gcuirfear an Chreatlach i bhfeidhm go cúramach ar bhonn praiticiúil agus go mbeidh sí ar aon dul leis na prionsabail a bhuntacaíonn leis. Bhí an-tóir ar na ceardlanna seo.

Bhí seoladh na Research Series ann i mbliana freisin. Léiríonn na foilseacháin seo – sé chinn de thuarascálacha taighde iomlána atá ar fáil ar www.cecde.ie agus achoimrí feidhmiúcháin atá ar fáil ón Lárionad féin – ról eile a chomhlíon an CECDE, is é sin taighde ardchaighdeánach ábhartha a spreagadh agus a chraobhscaoileadh in earnáil na luath-óige in Éirinn. Mar aon le tionscadail taighde tá an Lárionad tar éis tacú le ceathrar mac léinn iarchéime atá á stiúradh ag na coláistí a bhfuil baint acu leis an CECDE - Coláiste Phádraig agus Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath. Táthar ag súil go bhféadfaí leanúint ar aghaidh le tionscnaimh mar seo i riocht go bhféadfaí an gort taighde oideachais seo a fhás.

Leanann de suíomh gréasáin an Lárionaid agus *Síolta*, agus de nuachtlitir 'Alana', bheith ina n-úirlisí tábhachtacha cumarsaide don Lárionad agus is acmhainn shaibhir iad do chleachtóirí, do thaighdeoirí agus do pháirtithe bainteacha eile in oideachas luath-óige.

Le foilseachán Thuarascáil DEIS [Delivering Equality of Opportunity in Schools] tá iarrtha ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta ar an Lárionad a bheith bainteach go díreach maidir le tacú le cur i bhfeidhm gné na luath-óige. D'ainneoin frámaí ama gearra d'fhreagair an Lárionad go mear agus táimid ag súil go mór le tionscnaimh spreagúla sa réimse seo sna blianta atá amach romhainn.

Mar is iondúil tá moladh agus buíochas tuillte ag foireann iomlán an Lárionaid as an obair a rinneadh agus tá comhghairdeachas le déanamh leis an Stiúrthóir agus leis an Stiúrthóir Cúnta as tacú le hardleibhéal oibre ardchaighdeánaigh agus as an ardleibhéal sin a chaomhnú. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe ar an mbord bainistíochta as ucht a gcuid oibre agus as a gcuid gníomhaíochta i rith na bliana agus tá mé ag tnúth go mór leis na dúshláin a bhaineann le bliain lán le gníomhaíocht sa bhliain atá amach romhainn.

Nóirín Hayes

Réamhrá an Stiúrthóra

Ba bhliain thar a bheith tábhachtach agus bisiúil í 2006 don Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige inar tháinig go leor dár ngníomhaíochtaí faoi bhláth.

Ar an 30 Bealtaine sheol an tAire Leanaí, Brian Lenihan T.D., *Síolta*, an Chreatlach Náisiúnta Cáilíochta d'Oideachas na Luath-Óige in Éirinn. Is céim chun tosaigh go hiomlán as an nua é foilseachán *Síolta* maidir le forbairt chúram agus oideachas na luath-óige in Éirinn agus beidh sé ina threoir agus ina thionchar ní hamháin ar chleachtas ach ar oiliúint agus ar bheartas freisin go ceann seal fada. Den chéad uair riamh, tá sainmhíniú, atá aontaithe ar bhonn náisiúnta, maidir le caighdeán i seirbhísí do leanaí óga a thrasnaíonn an deighilt idir 'cúram' agus 'oideachas' agus a chuimsíonn riar mór socruithe atá an-éagsúil.

De thoradh ar sheoladh *Síolta* chuaigh an t-éileamh mór millteach ó gach cuid d'earnáil na luath-óige go mór i gcion orainn agus bhíomar gafa le dul i mbun gníomhaíochta maidir le Síolta le lear mór soláthraithe, múinteoirí agus cleachtóirí. Tháinig ann d'fhorbairt réamhshamhail cheardlainne de thoradh ar an dlúth-thréimhse ghníomhaíochta sin. Táimid ag súil leis an tsamhail seo a chur i bhfeidhm i gcomhar le FÁS go luath in 2007.

I mí Mheán Fómhair 2006 d'fhoilsigh an Lárionad sraith de chúig phríomhthuarascáil taighde a thug aghaidh ar riachtanais leanaí óga atá faoi mhíbhuntáiste oideachais agus leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu. Bhí an-tóir ag taighdeoirí, oiliúnóirí agus cleachtóirí trí chéile ar na foilseacháin sin.

Bhí ár ngníomhaíochtaí á mbuntacú riamh anall, áfach, leis an mian chun feabhas a chur le cleachtas agus le tionchar a imirt ar bheartas. Ó thús deireadh 2006, lean an Lárionad ar aghaidh le comhairle agus cúnamh a sholáthar don Rialtas, go speisialta don Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus Oifig an Aire Leanaí. Chuireamar le forbairt chúram agus oideachas na luath-óige in Éirinn ag an leibhéal is airde agus chabhraíomar leis an earnáil le heolas agus le comhairle.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an mBord agus le lucht foirne an Láríonaid mar aon leis an riar mór páirtithe inár gCoiste Comhairliúcháin as ucht a dtiomantais agus a dtacaíochta móra.

Heino Schonfeld

Fúinn Féin

I mí Dheireadh Fómhair 2002, sheol an tAire Oideachais agus Eolaíochta an Lárionad um Fhorbairt agus Oideachais na Luath-Óige (CECDE).

Is é **cuspóir** an CECDE ná oideachas luath-óige a fhorbairt agus a chomhordú de bhun chuspóirí an Pháipéir Bháin 'Ready to Learn' agus chun comhairle a chur ar an Roinn Oideachais agus Eolaíochta ar cheisteanna beartais san earnáil seo. Cuimsíonn cúram an CECDE leanaí ó bhreith go dtí sé mbliana d'aois i lear mór socruithe éagsúla, lena n-áirítear teaghlaigh, naíonlanna, creiseanna, grúpaí súgartha, feighlithe páistí, réamhscoileanna agus na naíranganna i mbunscoileanna.

Is iad **príomhchuspóirí** an Lárionaid:

- Chun creatlach cháilíochta a fhorbairt d'oideachas na luath-óige;
- Chun idirghabhálacha sonraithe a fhorbairt ar bhonn píolótach do leanaí atá faoi mhíbhuntáiste ó thaobh oideachais de agus leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu; agus
- Chun na bunchlocha a leagan do bhunú Ghníomhaíocht Oideachais na Luath-Óige mar a leagadh síos sa Pháipéar Bán.

Laistigh den chomhthéacs seo, is iad **feidhmeanna** an CECDE:

- Chun caighdeáin cháilíochta luath-óige a fhorbairt i dtaca le gach gné d'oideachas luath-óige lena n-áirítear trealamh agus ábhar, cáilíochtaí na foirne, oiliúint, cuspóirí foghlama, modheolaíochtaí múinteoireachta, curaclam agus réimsí ábhartha;
- Chun creatlach thacaíochta a fhorbairt d'fhonn comhlíonadh a spreagadh maidir le caighdeáin cháilíochta ó sholáthraithe luath-oideachais;
- Chun soláthar luath-oideachais a chomhordú agus a chothú, lena n-áirítear rannpháirtíocht tuismitheoirí, le fócas ar leith ar ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste agus grúpaí a bhfuil riachtanais speisialta acu;
- Chun tabhairt faoi agus/nó chun taighde agus forbairt a choimisiúnú trína bhféadfaí an cleachtas is fearr sa churaclam, modheolaíocht mhúinteoireachta agus rannpháirtíocht tuismitheoirí a chur i bhfeidhm agus a mheas.

Síolta, An Chreatlach Náisiúnta Cáilíochta d'Oideachas na Luath-Óige

Ar an 30 Bealtaine 2006, tar éis os cionn trí bliana d'fhorbairt agus comhairliúchán fairsing, sheol an tAire Leanaí, An tUas. Brian Lenihan TD, *Síolta*, an Chreatlach Náisiúnta Cáilíochta d'Oideachas na Luath-Óige.

Baineann *Síolta* le giniúint plandaí agus roghnaíomar an focal de thoradh ar a léiríonn sé faoi phoitéinseal an linbh agus an tsúil go mbeadh fás agus rath i ndán don Chreatlach seo.

Is toradh í an Chreatlach seo ar chomhairliúchán agus taighde trí bliana i gcomhar le réimse leathan daoine ar spéis leo leas agus folláine leanaí óga in Éirinn. Tá sé i gceist go gcuirfí tacaíocht agus treoir ar fáil do gach duine atá ag obair in éineacht le, agus ar son, leanaí. Tá sé d'aidhm aige feabhas a chur le caighdeán a n-eispéireas luath-óige.

Ó thús deireadh na bliana 2006 chraobhscaoileamar agus chothaíomar *Síolta* ar fud na tíre agus is mó i bhfad an t-éileamh ó sholáthraithe, ó chleachtóirí agus ó oiliúnóirí ná mar a bhíomar ag súil leis.

Forbairt Samhla chun dul i mbun Gníomhaíochta le Cleachtas

Tar éis sheoladh *Síolta*, dhírigh CECDE ar dhul i mbun gníomhaíochta le cleachtóirí d'fhonn tacú leo maidir le cur chun cinn chaighdeán a gcleachtas trí na caighdeáin náisiúnta atá le fáil in *Síolta*. Chuige seo, d'fhorbair an Lárionad samhail cheardlainne ina soláthrófaí taithí ghníomhach do na cleachtóirí maidir le machnamh a dhéanamh ar a gcleachtas fein, lena bpíoraí i gcomhthéacs sholáthairtí *Síolta*.

I ndiaidh tréimhse sé mhí inar reáchtáladh ceardlanna ar roinnt Caighdeáin éagsúla, rinne an Lárionad athbhreithniú ar an bpróiseas. Ba mhó i bhfad an t-éileamh ar na ceardlanna ná mar a bhíothas ag súil leis agus bhí sruth leanúnach ann maidir le hiarratais ar thuilleadh ceardlann. Tar éis a fháil amach go raibh éileamh ann, agus tar éis an chéad chuspóir a bhaint amach maidir le craobhscaoileadh agus a phoitéinseal mar acmhainn do chleachtóirí a léiriú, bheartaigh an Lárionad ar dhul ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile maidir le craobhscaoileadh agus an tsamhail a roinnt le hearnáil níos leithne i leith Chúram agus Oideachas Luath-Óige.

I gcomhar le agus le tacaíocht ó FÁS, an ghníomhaireacht oiliúna náisiúnta, d'fhorbair an Lárionad riar maith ábhar tacaíochta agus táimid ag súil le tús a chur le seoladh réamhcheardlann ar chaighdeáin *Síolta* san earrach 2007.

DEIS – Delivering Equality of Opportunity in Schools

I mí na Bealtaine 2005 d'fhoilsigh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta plean gníomhaíochta 'Delivering Equal Opportunities in Schools' (DEIS). Déanann DEIS foráil ar na nithe seo a leanas:

- Córas caighdeánach maidir le leibhéil mhíbhuntáiste a aithint agus le hathbhreithniú a dhéanamh ar leibhéil mhíbhúntáiste;
- Clár Tacaíocht Scoile imeasctha nua a chuimseoidh agus a thógfaidh ar scéimeanna míbhuntaiste agus ar chláir mhíbhuntáiste oideachais reatha;
- Soláthar Oideachas na luath-óige sonraithe mar eochairghné an phlean ghníomhaíochta seo.

Chabhraigh an CECDE leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta i gcruthú agus in ullmhúchán snáith luathoideachais an chláir seo. Chuireamar Togra substaintiúil do straitéis luath-óige mar chuid de thionscnamh um Sholáthar Comhdheiseanna i Scoileanna faoi bhráid na Roinne Oideachais agus Eolaíochta i mí na Bealtaine 2006. I ndiaidh suirbhé chuimsithigh ar scoileanna cathrach DEIS Bhanda 1 le naíonáin shóisearacha ag freastal orthu cuireadh tuarascáil bhreise faoi bhráid na Roinne i mí Dheireadh Fómhair 2006.

Faoi dheireadh, i mí na Nollag 2006 chuir an Lárionad plécháipéis ar aghaidh ar na paireaméadair a d'fhéadfadh bheith ann maidir le roghnú scoileanna le bheith páirteach sa scrúdú tosaigh agus luathsholáthar seirbhísí faoi snáith Luath-Oideachais DEIS.

Taighde

Bíonn an taighde mar bhonn agus taca maidir lenár gcuid oibre ar fad agus baineann go leor de na gníomhaíochtaí a ndéantar cur síos orthu i gcodanna eile na tuarascála seo lenár ngníomhaíochtaí taighde.

- In 2006, d'fhorbraíomar an dara straitéis taighde trí bliana a chuimsigh líon coimrí cláir taighde. Cuireadh na coimrí cláir faoi bhráid na Roinne Oideachais agus Eolaíochta agus tá an Roinn á meas i láthair na huaire.
- I mí Mheán Fómhair 2006, foilsíodh achoimre fheidhmitheach ó chúig phríomhthionscadal thaighde shonraithe; tá téacs iomlán na dtuarascálacha ar fáil ar ár láithreán Gréasáin www.cecde.ie. Is é seo a leanas liosta cuimsitheach na dtionscadal taighde ar cuireadh i gcrích iad:
  - *Synergy - An Exploration of High Quality Early Intervention for Children with Special Needs in Diverse Rural Settings*
  - *In-Career Development Programme for Staff and Management of Traveller Pre-schools*
  - *Early Assessment and Intervention in Educational Disadvantage*
  - *In Search of Quality: Multiple Perspectives*
  - *Early Years Provision for Children from Birth to Six Years with Special Needs in Two Geographical Areas in Ireland*

Tionóladh sraith seimineár ar thorthaí na dtuarascálacha seo i mBaile Átha Cliath, i nGaillimh agus i gCorcaigh i gcaitheamh an fhómhair in 2006.

- Leanadh de chúnamh deontas a thabhairt do cheathrar mac léinn PhD le linn a dtríú bliain staidéir in 2006.

Comhairle Bheartais agus Comhairliúchán

Ar cheann d'fheidhmeanna an CECDE ná comhairle a sholáthar don Roinn Oideachais agus Eolaíochta ar cheisteanna beartais a bhaineann le hoideachas agus le forbairt na luath-óige. Le bunú Oifig an Aire Leanaí (OMC) agus comhláithriú Aonad Bheartas Oideachais na Luath-Óige san Oifig sin, táimid ag soláthar comhairle bheartais don OMC anois chomh maith.

- Bhuail an Lárionad leis an Aire Leanaí agus lucht foirne Oifig an Aire Leanaí, lena n-áirítear an tArd-Stiúrthóir go minic sa bhliain atá imithe tharainn.
- Bunaíodh naisc fhoirmiúla le hoifig an Ombudsman do Leanaí agus thug an tOmbudsman, Emily Logan cuairt ar an Lárionad le haghaidh plé ar cheisteanna comónta i mí na Nollag 2006.
- Bhuail ionadaithe ón Lárionad le pearsanra sinsearach Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus sholáthair siad comhairle ar na Rialuchán Cúram Leanaí (Seirbhísí Réamhscoile) agus ceisteanna bainteacha, cosúil le caighdeánú cigireachtaí agus foilseachán tuarascálacha cigireachtachta.
- Chuir an Lárionad comhairle ar Chigireacht na Roinne Oideachais agus Eolaíochta ar impleachtaí *Síolta* i gcomhthéacs scoileanna agus ábhair eile a bhaineann le hoideachas na luath-óige.
- Ghlacamar páirt san Equal Opportunities Childcare Programme (EOCP) Value for Money Review ag leibhéal Coiste Stiúrtha. Leanfar ar aghaidh leis an athbhreithniú tábhachtach seo an bhliain seo chugainn.
- Réimse fíorthábhachtach eile maidir le forbairt bheartais is ea an obair atá ar siúl i dtaca leis an Straitéis Oiliúna Náisiúnta um Chúram Leanaí agus chabhraigh an Lárionad le hAonad Bheartas na Luath-Oideachais mar ullmhúchán don obair seo.
- Leanadh d'ionadaíocht a dhéanamh ar son an Lárionaid ar roinnt comhlachtaí náisiúnta tábhachtacha, cosúil leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta agus leis an gCoiste Comhordaithe Náisiúnta um Chúram Leanaí.
- Chuir ionadaithe an Lárionaid le forbairt an Chláir Sheachanta agus Luath-idirghabhála a raibh trí chlár ar leith i gceantair faoi mhíbhuntáiste i mBaile Átha Cliath i gceist leis, is iad sin, Childhood Development Initiative Tallaght, Youngballymun, agus Preparing for Life Northside Partnership.

- Lean an Lárionad ar aghaidh le dlúthchaidrimh oibre agus d'fhorbair siad an dlúthchaidream sin le hEagraíochtaí Náisiúnta Deonacha um Chúram Leanaí agus eagraíochtaí múinteoireachta, go speisialta Cumann Múinteoirí Éireann.
- I rith an dara leath den bhliain réachtálamar próiseas comhairliúcháin an-rathúil le tuismitheoirí mar ullmhúchán fhoilsiú '*Síolta* – Treoir do Thuismitheoirí'.

Eolas, Cumarsáid agus Craobhscaoileadh

I rith na bliana, craobhscaoileadh roinnt mhaith doiciméadú *Síolta* le comhéileamh trasna na socruithe éagsúla. Níor mhór athchló iomlán na n-ábhar a eisiúint san fhómhar 2006 de bharr an éilimh mhóir.

Bhí rochtain ar ábhair *Síolta* ar an láithreán Gréasáin ar leith atá againn le 2000 cuardach ar an meán in aghaidh na míosa in 2006. Ina theannta sin, craobhscaoileadh ábhair *Síolta* ar CD – ROM freisin.

Tar éis iarratas ó ghrúpa agus ó lionraí ar fud na tíre, d'éascaigh lucht foirne an Lárionad líon mór réamhcheardlann agus réamhléiriúchán *Síolta*.

Craobhscaoileadh na hachoimrí feidhmitheacha de chúig phríomhthuarascáil thaighde i gcruachóipeanna leis an tuarascail iomlán foilsithe ar an láithreán gréasáin. Thacaigh seimineáir i mBaile Átha Cliath, i nGaillimh agus i gCorcaigh leis an bpróiseas seo.

D'fhoilsigh agus chraobhscaoil an Lárionad trí eagrán na nuachtlitreach 'Alana' in 2006.

Tháinig borradh faoin tseirbhís eolais, chartlainne agus leabharlainne i rith na bliana agus thacaigh sé le cleachtóirí, lucht deanta beartais agus taighdeoirí maidir le hiarratais ar eolas agus ar acmhainní.

Choimeád an Lárionad dhá láithreán gréasáin ar leith:

- is é www.cecde.ie an láithreán corpáráideach ginearálta agus mheall sé ar an meán os cionn 1500 cuardach in aghaidh na míosa. Déantar an láithreán a nuashonrú go tráthrialta agus óstálann sé ár gcuid foilseachán go léir i bhformáid leictreonach.
- is láithreán é www.siolta.ie atá dírithe ar *Síolta* amháin, óstálann an Chreatlach Náisiúnta Cáilíochta d'Oideachas Luath-Óige an doicimeadú ar an ábhar ábhartha ar fad de chuid Síolta. Mheall an láithreán seo ar an meán os cionn 2000 cuardach in aghaidh na míosa in 2006.

Aguisín 1: Rialú

Tháinig **Coiste Stiúrtha an CECDE** le chéile faoi dhó i 2006: 30 Eanáir agus 13 Meitheamh. Is iad seo a leanas baill an choiste:

- Brian Power (Cathaoirleach) – An Roinn Oideachais agus Eolaíochta
- Pádraig Mac Fhlannchadha – Cigireacht na Roinne Oideachais agus Eolaíochta
- Dr. John Donovan - Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
- Anne McGough – CECDE
- Dr. Nóirín Hayes – CECDE
- Lesley Abbott - Manchester Metropolitan University

Ba iad seo a leanas baill **Bhord Bainistíochta an CECDE** i 2006:

- Anne McGough - Coláiste Phádraig, Droim Conrach
- Dr. Elizabeth Dunphy - Coláiste Phádraig, Droim Conrach
- Martin Ward - Coláiste Phádraig, Droim Conrach
- Dr. Nóirín Hayes – Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
- Dr. Máire Mhic Mhathúna - Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
- Siobhán Bradley - Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath

Tháinig an Bord le chéile go tráthrialta ar na dátaí seo a leanas in 2006:

2006 Cruinnithe Boird	**Cathaoirleach**
18ú Eanáir	Dr Elizabeth Dunphy
22ú Feabhra	Dr Elizabeth Dunphy
15ú Márta	Dr Elizabeth Dunphy
26ú Aibreán	Dr Elizabeth Dunphy
25ú Bealtaine	Dr Elizabeth Dunphy
22ú Meitheamh	Dr Elizabeth Dunphy
13ú Iúil	Dr Máire Mhic Mhathúna
12th Meán Fómhair	Dr Máire Mhic Mhathúna
8th Mí na Samhna	Dr Máire Mhic Mhathúna
6th Mí na Nollag	Dr Máire Mhic Mhathúna

Aguisín 2: Cuntais Iniúctha 2006

PRICEWATERHOUSECOOPERS

Income and Expenditure Account for the year ended 31 December 2006

	Year ended 31.12.2006 €	Year ended 31.12.2005 €
INCOME		
Grants	986,374	905,492
Total Income	**986,374**	**905,492**
EXPENDITURE		
CECDE Staff	570,857	466,910
Scholarships	73,025	35,850
Student fees	50	7,240
Dissemination	211,613	110,611
Translation	2,802	21,148
Professional fees	3,442	85,256
Advertising	1,108	35,397
Books	4,025	4,168
Stationery	14,875	11,313
Telephone	7,172	6,576
Subscriptions	275	4,335
Postage	13,673	5,560
Training Costs	600	-

	Year ended 31.12.2006 €	Year ended 31.12.2005 €
EXPENDITURE cont'd		
Attendance at conferences	14,582	3,219
Travel	27,735	11,022
Entertainment	1,128	647
Meetings and hospitalities	4,037	3,587
Consumables	1,845	2,832
Computer Consultancy	7,047	-
Computer equipment	802	4,193
Light and heat	1,210	1,289
Rent	32,559	32,559
Security	7,141	7,141
Contract cleaning	4,427	4,249
Insurance	2,860	3,168
Management services – DIT and SPD	51,172	51,172
Miscellaneous expenditure	610	1,190
Total Expenditure	**1,060,373**	**920,632**
(Deficit)/surplus for the year	**(73,999)**	**(15,140)**

PRICEWATERHOUSECOOPERS

Early Childhood Targeted Projects
Income and Expenditure Account for the year ended 31 December 2006

	Year ended 31.12.2006	Year ended 31.12.2005
	€	€
INCOME		
Grants	0	595,605
Total Income	**0**	**595,605**
EXPENDITURE		
CECDE Staff	0	44,845
Professional fees	10,000	392,345
Printing	0	1,366
Attendance at conferences	0	1,228
Travel	0	953
Equipment & Furnishings	0	0
Entertainment	0	0
Sundry	0	173
Total Expenditure	**10,000**	**440,910**
(Deficit)/Surplus for the year	**(10,000)**	**154,695**